# Litir chuig Daidí na Nollag: Líon na Bearnaí

Líon na bearnaí sa litir thíos agus scríobh litir de chuid féin chuig Daidí na Nollag! I do litir luaigh :

- An raibh tú go maith nó an raibh tú dána i mbliana?
- Cén bronntanas ar mhaith leat don Nollaig?
- Céard a fhágfaidh tú ar an mbord do Dhaidí na Nollag agus do na réinfhianna?
- Céard a dhéanfaidh tú chun cabhrú le do mhuintir / chlann i rith na Nollag?
- Conas a chabhróidh tú le daoine atá ag streachailt i rith na Nollag (daoine gan dídean mar shampla, an seolfaidh tú bosca lán de bhronntanais chuig duine óg i dtír atá níos boichte)?

| | | |
|---|---|---|
| **na Nollag** | **na réinfhianna** | **ocras an domhain** |
| **traochta** | **in Éirinn** | **i mbliana** |
| **chugat** | **m'ainm** | **cairéad** |

## Seoladh

**Bóthar an Choláiste,**

**An Droichead Nua,**

**Co. Chill Dara.**

## Dáta

**10 Nollaig 2016**

## Beannú

**A Dhaidí ________, a chara,**

**Conas atá tú agus conas atá Mamaí na Nollag? Conas atá na lucharacháin agus ____________? Abair le Rudolph go raibh mé ag cur a thuairisce.**

## Corp na Litreach

**Táim ag scríobh ___________ mar ba mhaith liom bronntanais a fháil uait don Nollaig. Bhí mé an-mhaith ____________. Bhí mé an-tuisceanach le mo *ch*airde agus *ch*abhraigh mé le mo thuismitheoirí. Tá súil agam go bhfuil _________ ar liosta na gcailíní maithe agat.**

**Mar sin, ba mhaith liom rothar nua a fháil uait más é do thoil é. Tuigim gur bronntanas mór é sin ach ceapaim *go bhfuil* sé *tuillte agam* (I deserve).**

**Fágfaidh mé brioscaí, bainne, maróg agus _________ ar an mbord sa seomra suite. Is dócha (i suppose) go mbeidh _____________________ ortsa agus ar na réinfhianna agus go mbeidh sibh tuirseach, _________, spianta agus caite!**

## Críoch na litreach

**Go n-éirí an bóthar (nó an spéir!) leat ar oíche Nollag,**

**Le grá,**

**Mairéad Ní Mhuirí**

**(an buachaill / an cailín is fearr i gCill Dara, ________ agus ar domhan!)**